II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) 2023/3 ÓN gCOIMISIÚN

an 3 Eanáir 2023

lena gceartaítear an leagan Gearmáinise de Rialachán (AE) 2019/1781 lena leagtar síos ceanglais éicidhearthóireachta maidir le mótair leictreacha agus tiomántáin luais inathraithe de bhun Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 641/2009 i dtaca le ceanglais éicidhearthóireachta maidir le hathfhillteoirí leithleacha gan dlúthaire agus athfhillteoirí leithleacha a comhtháthaíodh i dtáirgí

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint d'Airteagal 114 de Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat chun na ceanglais éicidhearthóireachta maidir le táirgí a bhaineann le fuinneamh a shocrú ([1]), agus go háirithe Airteagal 15(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sa leagan Gearmáinise de Rialachán (AE) 2019/1781 ([2]) ón gCoimisiún tá earráidí sa dara habairt d'Aithris 7 agus in Airteagal 3, pointe (7), agus tagairt á déanamh don eangach, agus in Airteagal 2(1)(a)(v) a mhéid a bhaineann le hoibriú díreach ar líne táirgí áirithe.

(2) Ba cheart, dá bhrí sin, an leagan Gearmáinise de Rialachán (AE) Uimh. 2019/1781 a cheartú dá réir sin. Ní dhéantar difear do na leaganacha teanga eile.

(3) Tá na bearta dá bhforáiltear leis an Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 19(1) de Threoir 2009/125/CE,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

(Ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge)

([1]) IO L 285, 31.10.2009, lch. 10.

([2]) Rialachán (AE) 2019/1781 ón gCoimisiún an 1 Deireadh Fómhair 2019 lena leagtar síos ceanglais éicidhearthóireachta maidir le mótair leictreacha agus tiomántáin luais inathraithe de bhun Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 641/2009 i dtaca le ceanglais éicidhearthóireachta maidir le hathfhillteoirí leithleacha gan dlúthaire agus athfhillteoirí leithleacha a comhtháthaíodh i dtáirgí agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 640/2009 ón gCoimisiún (IO L 272, 25.10.2019, lch. 74).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 3 Eanáir 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN